Aonad 5

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# moChúrsaí

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí 1



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Gníomhaíocht 1

Freagair na ceisteanna sa ghreille thíos chomh tapa agus is féidir.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Gníomhaíocht 1

# Aonad 4 – Dul Siar

- Freagair na ceisteanna sa ghreille thíos chomh tapa agus is féidir.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 1. Céard is brí leis na litreacha MSU? | 2. Íoctar MSU nuair a bhíonn an t-ioncam iomlán níos mó ná méid áirithe, céard é an méid sin? | 3. Cad é an ráta MSC is gá a íoc ar ioncam os cionn €70,044? |
| 4. Ainmnigh foinse ioncaim ar a n-íoctar MSU. | 5. Ainmnigh foinse ioncaim nach n-íoctar MSU uirthi. | 6. Céard is brí leis na litreacha DCC? | 7. Cén mhí ina n-eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim an DCC? |
| 8. Céard is brí leis na litreacha ÁSPC? | 9. Cad a mhaoinítear le ranníocaíochtaí ÁSPC? | 10. Cé mhéad aicme ÁSPC atá in Éirinn? | |

3

| Ceist | Freagra |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |
| 6. | |
| 7. | |
| 8. | |
| 9. | |
| 10. | |

An fhad a thóg sé chun na ceisteanna a fhreagairt: _____

# Gníomhaíocht 2

Léigh an tairiscint poist thíos agus aithin an bhfuil dóthain eolais ann don duine seo lena bhfostaíocht a chlárú ar moChúrsaí.

JobCo Earcaíocht

**Earcaíocht JOBCO**
**An Chéad Urlár,**
**Foirgneamh Oifigí,**
**Campas Gnó, Éire.**
**☏ 1800 765 4321**

A Lucy, a chara,

Táimid fíorbhuíoch díot go ndearna tú agallamh linn, agus tá an-áthas orainn post mar Oifigeach Cléireachais a thairiscint duit lenár gcomhlacht, ag tosú ar an 3 Iúil. Más mian leat glacadh leis an tairiscint seo, seol deimhniú chugainn faoin 20 Meitheamh, nó roimhe sin.

Má ghlacann tú leis an tairiscint, bheadh muid buíoch díot dá mbeifeá ag an deasc fáiltithe ag 8.30am, an 3 Iúil. Buailfidh do mhaoirseoir, Seamus Moore, leat ansin chun turas ionduchtaithe a thabhairt duit.

Is mise, le meas,
A. De Buitléir
Bainisteoir Acmhainní Daonna

An bhfuil dóthain eolais sa litir seo chun an fhostaíocht a chlárú ar moChúrsaí? Tá / Níl

Tabhair cúis le do fhreagra agus mínigh go soiléir. Aithin an t-eolas atá in easnamh, atá de dhíth chun clárú, más ann dó.

Léigh an tairiscint poist agus an duillín pá thíos agus aithin an bhfuil dóthain eolais ann don duine seo lena bhfostaíocht a chlárú ar moChúrsaí.

# Gníomhaíocht 3

A Jamie, a chara,

Tá áthas orainn ról mar Chúntóir Díolacháin a thairiscint duit lenár gcomhlacht.

Cuirfear tús leis an ról ar an 1 Samhain. Mar fhostaí páirtaimseartha, beidh tú ag obair 10 n-uair an chloig sa tseachtain, ar ráta €12.00 san uair. Tá cur síos mionsonraithe ar an bpost iniata.

Más mian leat glacadh leis an tairiscint fostaíochta seo, deimhnigh trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost seo faoi 5i.n. an 23 Deireadh Fómhair, nó roimhe sin.

MCL
MoChuideachta Teo.
An Phríomhshráid
Baile Mór
Éire
Teil 1800 123 4567

**Ainm an Chomhlachta: Mo Chomhlacht Teo.** Uimhir Chláraithe an Fhostaí: 7654321ZH

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ainm an fhostaí | Jamie Murphy | Minicíocht | Weekly | Uimhir Foirne | 10 |
| UPSP | 1234567AA | Tréimhse Phá | 45 | Dáta Pá | 09/11/2024 |

| Íocaíochtaí | | Asbhaintí | |
|---|---|---|---|
| Bunphá | €120 | ÍMAT | €0.00 |
| | | MSU | €0.00 |
| | | ÁSPC fostaí | €0.00 |
| | | ÁSPC fostóra | €10.56 |
| | | | |

| Sonraí Carnacha | | Sonraí | |
|---|---|---|---|
| Pá Comhlán | €120.00 | Bonn Cánach | S1 |
| Pá Incháinithe | €120.00 | Creidmheasanna cánach | €72.12 |
| ÍMAT | €0.00 | SRC | €807.70 |
| USC | €0.00 | ÁSPC Aicme | A0 |
| ÁSPC fostaí | €0.00 | Seachtainí Inárachais | 1 |
| ÁSPC fostóra | €10.56 | | |

| Achoimre |
|---|
| **Pá Comhlán** |
| €120 |
| **Pá Incháinithe** |
| €120 |
| **Iomlán na nAsbhaintí Cánach agus ÁSPC** |
| €0.00 |
| **Asbhaintí Neamhchánach** |
| €0.00 |
| **Íocaíocht Iomlán** |
| €120.00 |

Nótaí: